Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**9077/25**

**AGRI 197**
**AGRIFIN 47**
**AGRISTR 19**
**AGRIORG 56**
**DELACT 60**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán Tarmligthe lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/370 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nósanna imeachta, teorainneacha ama maidir le hiarrataí ó na Ballstáit ar leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT a thíolacadh, agus cásanna eile nach bhfuil feidhm ag an líon uasta leasuithe ar Phleananna Straitéiseacha CBT maidir leo<br>*- Rún gan aon agóidí a dhéanamh* |

1. Chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe thuasluaite (9093/25) faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus le hAirteagal 122 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021. Tar éis don Choimisiún fógra a thabhairt faoin ngníomh tarmligthe an 21 Bealtaine 2025, féadfaidh an Chomhairle agóid a dhéanamh ina choinne go dtí an 21 Iúil 2025.

2. Leis an ngníomh tarmligthe, tugtar níos mó ama do na Ballstáit pleanáil a dhéanamh ar aistrithe féideartha leithdháiltí airgeadais idir íocaíochtaí díreacha agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus idir íocaíochtaí díreacha agus earnálacha eile, toisc go gcuireann sé an spriocdháta le haghaidh na n-aistrithe sin siar ón 31 Bealtaine go dtí an 31 Iúil. Ionas go dtiocfaidh na hathruithe sin i bhfeidhm, ní mór don ghníomh tarmligthe teacht i bhfeidhm faoin 31 Bealtaine 2025.

3. Thug an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) dá aire an 19 Bealtaine 2025 go raibh an gníomh tarmligthe fós á ullmhú agus chomhaontaigh sé gur cheart comhairliúchán neamhfhoirmiúil a sheoladh an 21 Bealtaine 2025 chun a fhíorú an measann na toscaireachtaí nach bhfuil aon fhorais ann don Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe.

4. Tar éis thoradh an chomhairliúcháin neamhfhoirmiúil, ba cheart don Chomhairle an méid seo a leanas a chinneadh:

   (a) i gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, dul ar aghaidh gan ullmhú roimh ré; agus

   (b) a dhearbhú nach bhfuil sé ar intinn aici agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe agus go gcuirfear an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi sin.

   Ciallaíonn sé sin, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar an gníomh tarmligthe agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 152(6) de Rialachán (AE) 2021/2115.